Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Nollaig 2025**
**(OR. en)**

**15604/1/25**
**REV 1 ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0059(COD)**

**MIGR 430**
**JAI 1711**
**COMIX 409**
**RELEX 1516**
**CODEC 1847**
***CH***
***NO***
***LI***
***IS***

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear córas coiteann maidir le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach san Aontas a fhilleadh, agus lena n-aisghairtear Treoir 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2001/40/CE ón gComhairle agus Cinneadh 2004/191/CE ón gComhairle<br>– Cur chuige ginearálta<br>– Ráiteas ó thoscaireacht na hÉireann |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn a ghabhann leis seo ráiteas ó thoscaireacht na hÉireann maidir leis an rialachán thuasluaite.

**IARSCRÍBHINN**

## RÁITEAS Ó ÉIRINN
## maidir le Geoiméadracht Athraitheach agus Bearta Hibrideacha

**Comhaontú maidir le Cur Chuige Ginearálta i ndáil leis an Rialachán lena mbunaítear córas coiteann chun náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach san Aontas a fhilleadh**

Is díol sásaimh d'Éirinn gur thángthas ar Chur Chuige Ginearálta i ndáil leis an Rialachán lena mbunaítear córas coiteann chun náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach san Aontas a fhilleadh.

Tugann Éire dá haire gur baineadh gnéithe hibrideacha an bhuntogra ón gCoimisiún Eorpach leis an gCur Chuige Ginearálta.

Níl aon ní sna Conarthaí, sna Prótacail ná i gcásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a choisceann, mar phrionsabal, bearta hibrideacha a ghlacadh; is é sin, gníomh de chuid an Aontais ina bhfuil forálacha arb ionann iad agus forbairt *acquis* Schengen agus forálacha ar cuid den limistéar saoirse, slándála agus ceartais ar bhonn níos leithne iad.

Meabhraítear d'Éirinn go bhfuil ionstraimí hibrideacha bailí ó thaobh an dlí de agus gur féidir leo réaltachtaí casta a léiriú inar gá feidhm a bheith ag na rialacha maidir le cásanna Schengen agus cásanna nach mbaineann le Schengen.

Meabhraítear d'Éirinn go gcomhcheanglaítear forálacha cheana féin le roinnt beart de chuid an Aontais i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais, laistigh d'ionstraim aonair, ar forálacha iad atá ina bhforbairtí ar *acquis* Schengen agus forálacha nach bhfuil an carachtar sin acu. Go deimhin, tá cásanna ann inarb iad an gheoiméadracht agus an hibrideacht athraitheach an bealach is iomchuí chun a áirithiú go ngabhtar na gnéithe uile i mbeart aonair agus gur féidir le líon uasta Ballstát agus tíortha atá comhlachaithe Schengen a bheith rannpháirteach.

Tugann Éire dá haire an léiriú ar thacaíocht a bheadh ann dá ndéanfadh Éire iarraidh ar Chinneadh 2002/192 ón gComhairle a leasú, chun rannpháirtíocht na hÉireann in *acquis* Schengen a cheadú a mhéid a bhaineann le filleadh, lena n-áirítear an Rialachán.